Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**10001/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0162 (NLE)**

**FISC 107**
**ECOFIN 549**
**ENER 314**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear don Pholainn rátaí laghdaithe dleachta máil a chur i bhfeidhm maidir le hola bhreosla throm, gás nádúrtha, gual agus cóc, a úsáidtear mar bhreoslaí téimh, i gcomhréir le hAirteagal 19 de Threoir 2003/96/CE |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/...ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena n-údaraítear an Pholainn rátaí laghdaithe dleachta máil a chur i bhfeidhm maidir le hola bhreosla throm, gás nádúrtha, gual agus cóc, a úsáidtear mar bhreoslaí téimh, i gcomhréir le hAirteagal 19 de Threoir 2003/96/CE**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2003/96/CE ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2003 lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Comhphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas[1], agus go háirithe Airteagal 19 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

1 IO L 283, 31.10.2003, lch. 51.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le litir dar dáta an 3 Eanáir 2023, d'iarr an Pholainn údarú chun rátaí laghdaithe dleachta máil a chur i bhfeidhm maidir le hola bhreosla throm, gás nádúrtha, gual agus cóc, a úsáidtear mar bhreoslaí téimh, de bhun Airteagal 19 de Threoir 2003/96/CE, a thiteann faoi bhun na n-íosleibhéal cánachais dá dtagraítear in Airteagal 9 den Treoir sin. Sholáthair údaráis na Polainne faisnéis bhreise agus soiléirithe breise chun tacú leis an iarraidh an 15 Feabhra 2023. Iarradh go mbeadh feidhm ag an údarú le haghaidh tréimhse 6 mhí, ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2023.

(2) Dar le húdaráis na Polainne, is é is aidhm do chur i bhfeidhm ráta laghdaithe cánach maolú a dhéanamh ar an tionchar diúltach a bheadh ann mar thoradh ar mhéadú ar an leibhéal cánachais mar gheall ar ráta malairte ard neamhfhabhrach idir an euro agus an *zloty*, i gcomhréir le hAirteagal 13 de Threoir 2003/96/CE. Bheadh an laghdú sin ag freagairt don mhéid a d'eascródh as an difríocht sa ráta malairte tar éis an choigeartaithe bhliantúil arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 13 den Treoir sin.

(3) Ní dócha go ndéanfaidh an t-údarú a iarradh saobhadh ar iomaíocht ná go gcuirfidh sé bac ar fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh. I bhfianaise thréimhse gearr an údaraithe agus na n-imthosca eisceachtúla a bhaineann leis an staid gheopholaitiúil, meastar go bhfuil an t-údarú a iarradh leordhóthanach agus comhréireach. Baintear cothromaíocht amach leis an údarú idir na cuspóirí sonracha beartais dá dtagraítear in Airteagal 19(1), an tríú mír, de Threoir 2003/96/CE, go háirithe beartas comhshaoil an Aontais, agus an éigeandáil riachtanach chun inacmhainneacht fuinnimh a áirithiú do ghnólachtaí agus do theaghlaigh. Dhéanfadh an laghdú cánach na costais mhéadaithe fuinnimh a fhritháireamh go páirteach, agus níl sé carnach le laghduithe cánach de chineál ar bith eile..

(4) Dá bhrí sin, ba cheart an Pholainn a údarú rátaí laghdaithe dleachta máil a chur i bhfeidhm maidir le hola bhreosla throm, gás nádúrtha, gual agus cóc, a úsáidtear mar bhreoslaí téimh, mar a iarradh.

(5) De bhun Airteagal 19(2) de Threoir 2003/96/CE, tágach údarú a dheonaítear faoin bhforáil sin le bheith teoranta go docht ó thaobh ama de. Mar sin féin, chun nach ndéanfar dochar d’fhorbairtí ginearálta a dhéanfar amach anseo ar an gcreat dlíthiúil atá ann cheana, is iomchuí a fhoráil gur cheart, i gcás ina ndéanfadh an Chomhairle, ag gníomhú di ar bhonn Airteagal 113 nó aon fhoráil ábhartha eile den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, córas modhnaithe ginearálta a thabhairt isteach chun cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus leictreachais arb ina leith nach n-oiriúnófaí an t-údarú, go scoirfeadh an t-údarú sin d’fheidhm a bheith aige an lá a thiocfaidh an córas modhnaithe ginearálta sin chun bheith infheidhme.

(6) Chun a áirithiú go rachfar i ngleic go rianúil leis na héifeachtaí díobhálacha do thomhaltóirí táirgí fuinnimh ar ardphraghas, ag an am a bhfuil an tionchar is mó acu de dheasca boilsciú ard agus ardú praghsanna, ba cheart a áirithiú go bhféadfaidh an Pholainn an laghdú cánach a chur i bhfeidhm, mar a iarradh, le héifeacht ón 1 Eanáir 2023.

(7) Tá an Cinneadh seo gan dochar do chur i bhfeidhm rialacha an Aontais maidir le Státchabhair,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Údaraítear an Pholainn rátaí laghdaithe dleachta máil a chur i bhfeidhm maidir le hola bhreosla throm, gás nádúrtha, gual agus cóc, a úsáidtear mar bhreoslaí téimh, faoi bhun na n-íosleibhéal cánachais dá dtagraítear in Airteagal 9 de Threoir 2003/96/CE.

*Airteagal 2*

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2023.

Mar sin féin, i gcás go ndéanann an Chomhairle, ag gníomhú di ar bhonn Airteagal 113 nó aon fhoráil ábhartha eile den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, córas modhnaithe ginearálta a thabhairt isteach lena ngearrfaí cáin ar tháirgí fuinnimh agus leictreachais arb ina leith nach n-oiriúnófaí an t-údarú a deonaíodh in Airteagal 1 den Chinneadh seo, scoirfidh an Cinneadh seo d'fheidhm a bheith aige an lá a thiocfaidh córas modhnaithe ginearálta sin chun bheith infheidhme.

*Airteagal 3*

Is chuig Poblacht na Polainne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*